



Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board



Tuarascáil Bhliantúil 2012





Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board

CLÁR NA NÁBHAR

Cathaoirleach agus an Bord Stiúrthóirí	2
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Forbairt Iascaigh	11
Forbairt Dobharshaothraithe	16
Forbairt Gnó agus Nuálaíocht	18
Oiliúint	22
Rialachas Corparáideach	25
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	26
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	28
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	29
Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta	30
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	32
An Ráiteas maidir le hlomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta	33
An Clár Comhardaithe	34
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgeadais	35
Nótaí maidir leis na Cuntais	37
Íocaíochtaí Deontais	47

Cathaoirleach agus an Bord Stiúrthóirí



Kieran Calnan
Cathaoirleach
(Ceaptha an 13 Meitheamh 2012)



Enda Bonner



Tomás Kavanagh



Paídí Ó Sé



Sean O'Donoghue



Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach



Connie Kelleher
Rúnaí/Bainisteoir Airgeadais



Michael Keatinge
*Bainisteoir um Fhorbairt &
Oiliúint lascaigh*



Donal Maguire
Bainisteoir Forbartha Dobharshaothraithe



Donal Buckley
*Bainisteoir Forbartha Gnó agus
Nuálaíochta*

Ráiteas an Chathaoirligh



In 2012, ba fhiú os cionn €750 milliún tionscal bia mara na hÉireann, tháirg sé tuairim is 266,000 tona bia mara agus bhí tuairim is 11,000 duine fostaithe ann. Cé nach raibh sí gan a cuid dúshlán, tá an earnáil bia mara fós láidir agus leanann sí ag cuidiú lenár rachmas farraige a ghiniúint, rud a bheidh ina phríomhghné i dtéarnamh agus i bhfás inbhuanaithe gheilleagar na hÉireann.

Faoi mar a mhionshonraítear sa Tuarascáil seo, rinneadh seirbhísí BIM a sheachadadh go héifeachtúil in 2012 ar fud iomlán an tionscail bhia mara lena n-áirítear iascairí, feirmeoirí éisc, próiseálaithe bia mara, miondíoltóirí mar aon le raon ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile ón earnáil.

Lean BIM dá straitéis maidir leis an tionscal a fhás agus a chumasú ag an am céanna chun na hacmhainní atá againn cheana a ghíaráil d'fhonn giniúint fíor-bhreislúacha ar fud na hearnála go léir a éascú.

Thar ceann Bhord, lucht Bainistíochta agus Fhoireann BIM, ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Simon Coveney, T.D. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le hoifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chomh maith as a dtacaíocht leanúnach. Gabhaimid buíochas chomh maith as tacaíocht leanúnach agus cúnamh airgeadais an Aontais Eorpaigh a bhaineann go príomha le Bearta Dobharshaothraithe agus lascaigh an PFN.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo fhíorbhuíochas a ghabháil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an lucht Bainistíochta agus an bhfoireann in BIM as a n-obair chrua agus as a dtiomantas dár tionscal bia mara a fhás. In ainneoin ciorruithe suntasacha i líonta foirne agus i mbuiséid don eagraíocht le linn 2012, chinntigh BIM gur comhlíonadh riachtanais an tionscail. Le linn 2012, ba mhór an onóir dom é a bheith ceaptha mar chathaoirleach ar Bhord BIM. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Rose McHugh ar éag a cathaoirleacht chumasach ar an mBord i Meitheamh 2012. Ní mór don Ghníomhaireacht buíochas agus aitheantas a thabhairt do dhíogras agus do thiomantas Rose do BIM. Ar deireadh, is le do bhrón a shonraíonn BIM bás ár gcomhalta boird, Páidí Ó Sé, ar a raibh ardmheas. Tharla bás anabái Pháidí i mí na Nollag 2012 agus ba shuaitheadh mór d'fhoireann agus do bhord BIM é. Cuimhneoidimid go grámhar ar Pháidí. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

Kieran Calnan,
CATHAOIRLEACH



Réamhrá an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin



Le linn 2102, chuir BIM raon clár maidir le dobharshaothrú, iascach, oiliúint, forbairt gnó agus nuálaíocht i bhfeidhm agus chuir siad sin le tuilleadh fáis ar earnáil bia mara na hÉireann. Ag obair leis an tionscal, lean an Ghníomhaireacht de spriocanna atá leagtha amach i dTuarascáil an Rialtais um Fhómhar Bia 2020 a bhaint amach.

Ba bhliain láidir a bhí in 2012 maidir le díolacháin bia mara na hÉireann sa bhaile agus thar lear. In ainneoin iarmhairtí leanúnacha an chúlaithe

agus déine, rinneadh margadh bia mara intíre na hÉireann a luacháil ag €193 milliún, arb ionann é sin agus méadú 5% ar an margadh le haghaidh 2011. Bhí an fás intíre iomlán in éisc in 2012 níos airde ná na figiúirí bliantúla fáis a taifeadadh ar fud díolacháin éineola, mairteola, muiceola mar aon le díolacháin iomlána grósaeireachta.

Bhí éileamh gan fasach ar ár n-easpórtálaithe i gcomhair bhia mara Éireannach agus bhain rath 2012 na hearnála leis nuair a shroich earraí easpórtála figiúr thar na bearta de €517 milliún in 2012, méadú 21% ó dhíolacháin in 2011.

Tháinig tíortha nach bhfuil san AE -go sonrach an tSín, an Afraic, an Éigipt- chun cinn mar earnálacha d'fhás an-suntasach d'easpórtálaithe nuair a ghin siad díolacháin de bheis ar €155 milliún, nó 30% de luach iomlán easpórtálacha bia mara na hÉireann 2012.

Tá an treocht easpórtálaithe an-spreagúil seo bunaithe ar éileamh méadaithe ar tháirgí bia mara, go sonrach i margáí na hÁise atá ag teacht chun cinn- léiríodh i margadh na Síne ann féin gur tháinig méadú faoi thrí beagnach ar an éileamh ar bhia mara Éireannach idir 2011 agus 2012 nuair a tháinig méadú ar easpórtálacha go dtí os cionn €8 milliún le haghaidh 2012.

Ní féidir an méadú suntasach i bhfás úr an mhargaidh agus an méadú mar thoradh air sin in easpórtálacha a baineadh amach in 2012 a choinneáil ach má leanann an tionscal d'aghaidh ar an tsaincheist mhaighdeogach maidir le heaspa scála laistigh den earnáil. Táim sásta a thaifeadadh gur díríodh i Rannán Forbartha Gnó agus Nuálaíochta BIM in 2012 ar dhul i ngleic leis an gceist sin nuair a d'éirigh leis raon tionscadail chomhfhiontair idirnáisiúnta a chur ar an margadh. Cuireann dhá thionscadal dá leithéid - Jade Ireland

Seafood Limited agus Atlantic Gold - an dá cheann bunaithe sa tSín - taca faoi acmhainneacht BIM chun oibriú leis an tionscal ar chomhchur chuige maidir le spriocdhíriú ar mhargáí úra. In 2012 cuidíodh tuilleadh le spriocdhíriú naisc thrádála an tionscail le margáí úra trí luach €15.5 milliún d'infheistíocht úr a rinne cuideachtaí próiseála bia mara na hÉireann, tacaíthe le deontais de €3.2 milliún faoin Scéim Infheistíochta um Ghnó Próiseála Bia Mara cómhaoinithe ag an AE. Tá sé tuartha go nginfidh na 21 cuideachta a fuair deontas faoin Scéim os cionn 142 post breise agus méadú ar dhíolacháin táirgí bia mara breisluacha de bheagnach €44 milliún faoi 2015. Beidh baint lárnach ag a lán de na cuideachtaí Éireannacha sin le feabhsú an tionscail trí na bearta comhsheilbhíochta atá leagtha amach thuas trína gcinnteofar go mbeidh rochtain ag easpórtálaithe Éireannacha ar phríomh-mhargáí agus go mbeidh siad ábalta freastal orthu go héifeachtach trí shineirgí a chruthú a mbeidh coigiltis i gcostais, torthaí feabhsaithe agus dáileadh margaidh méadaithe mar thoradh orthu. Beidh forbairt scála agus dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann leis an mbealach chun margaidh in earnáil bia mara na hÉireann ina dtosaíocht do BIM i ndiaidh 2012.

Luathaigh an t-éileamh domhanda ar bhia mara Éireannach go gasta le linn 2012, treocht a leanfar de, ós rud é go measann an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT) go mbeidh 42 milliún tona breise de bhia mara a ndéantar feirmeoireacht air ag teastáil gach bliain faoi 2030. Tugtar deis d'Éirinn sa mhargadh domhanda sin chun cur chuige straitéiseach réamhghníomhach a ghlacadh maidir lenár dtionscal feirmeoireachta éisc a fhorbairt de réir mar a dhéanaimid iarracht na riachtanais mhargaidh sin a chomhlíonadh. Tháinig an rithábacht maidir le hÉirinn a bheith ina foinse an-iomaíoch, inbhuanaithe agus bhrabúsach amhábhair dár dtionscal bia mara féin chun cinn in 2012 mar aon leis an ngá le hearnáil dobharshaothraithe na hÉireann atá ann cheana a leathnú chun leathnú na hearnála próiseála a spreagadh ionas go mbeimid ábalta freastal ar éileamh an mhargaidh.

Maidir leis sin, rinne BIM, ag obair le Foras na Mara, dul chun cinn suntasach ar fheirm bradáin orgánacha domhainfharraige a moladh do Bhá na Gaillimh a fhorbairt. Sa dara ráithe in 2012 rinne BIM iarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe agus ar cheadúnas comhghabhálach urthrú maidir leis an láithreán sin a ullmhú agus a chur isteach. Tionóladh tréimhse ocht seachtainí de chomhairliúchán reachtúil i ndiaidh dóibh an t-iarratas a chur isteach. Tionóladh tréimhse chomhchosúil de



chomhairliúchán poiblí chomh maith. Tá BIM ag feitheamh le cinneadh an Aire maidir leis an gceadúnas.

Má éiríonn le hiarratas BIM táthar ag súil go dtabharfaidh oibreoir tráchtála faoi bhainistíocht na láithreán ceadúnaithe. Cinnteoidh an cur chuige sin go bhfaighidh an Stát an sochar is fearr agus is féidir as. Nuair a chuir an BIM a iarratas isteach, bhí suim dhaingean léirithe ag 21 airgeadaí, ar fud trí hilchríoch, san infheistíocht €60 milliún maidir leis an bhfeirm bradáin orgánacha domhainfharraige a moladh i mBá na Gaillimhe. Má éiríonn leis, d'fhéadfadh an fheirm mholta 500 post a chruthú sa cheantar áitiúil agus sreabhadh pá de €14.5 milliún in aghaidh na bliana a ghiniúint. Creidim go soláthraíonn feirm dhomhainfharraige na Gaillimhe deis ollmhór margaidh d'earnáil próiseála bia mara na hÉireann agus d'fhéadfadh sé a bheith ina athrú a mbeadh fás gan fasach ar thionscal bia mara na hÉireann mar thoradh air a threiseoidh a chumas go mór chun dul san iomaíocht sa mhargadh domhanda idirnáisiúnta um bia mara atá an-iomaíoch.

De réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh domhanda ar bhia mara, tá deis ann d'Éirinn a bheith ina táirgeoir de bhia mara inbhuanaithe den scoth le hiomhá brándáilte glan agus glas. Maidir leis sin lean BIM dá Chaighdeán um Iascaireacht Fhreagrach a chur i bhfeidhm in 2012. I ndiaidh a fhorbartha thar roinnt blianta, rinneadh Caighdeán BIM um Fhoinsiú Freagrach a chreidiúnú go hiomlán mar chaighdeán tríú páirtí a aithnítear go hidirnáisiúnta. D'oibrigh BIM go dlúth leis an tionscal, d'éascaigh sé 80 ártach agus saoráid amháin ar an gcladach chun deimhniú ar an gCaighdeán a bhaint amach le linn 2012.

Chuaigh Ionad Forbartha Bia Mara na Gníomhaireachta, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh chun nuálaíocht inbhuanaithe a spreagadh san earnáil mara trí chéad Diplóma na hÉireann i Nuálaíocht Bia Mara a fhorbairt. Tá céad ghlacadh mic léinn ar an gcúrsa le bheith ar siúl i bhfómhar 2013. Tá sé tuartha go mbeidh mic léinn ón gcúrsa ábalta Rannán Pleanála Gnó Dobharshaothraithe BIM a bunaíodh in 2012 a rochtain chomh maith.

Tá pobail chósta ina mbreathnú lárnach don Ghníomhaireacht agus dá sainchúram. In 2012 rinneadh tiomantas fadtéarmach BIM do phobail chósta na hÉireann an-soiléir nuair a lainseáil

an Bord 'Ais 4 - An Clár um Fhorbairt Inbhuanaithe Ceantar a Bhraitheann ar Iascaigh' ('Axis 4 –The Sustainable Development of Fishery Dependent Areas Programme') go hoifigiúil - tionscnamh úr chun ár bpobail chósta a chumhachtú agus chun tacú leo.

Déanfar an clár, a chuirfidh BIM i bhfeidhm, a sheachadadh mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta agus den Chiste Eorpach Iascaigh. Bunófar Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh nó FLAGanna i ngach réigiún den tír chun straitéis dá gceantar féin a sheachadadh ar bhonn déabhlóidithe. Is í is príomhaidhm leis an gclár rachmas eacnamaíoch agus sóisialta a choimeád trí luach a chur leis na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe; fostaíocht a choinneáil agus a chruthú trí thacaíocht d'éagsúlú agus trí athstruchtúrú ceantar a bhfuil deacrachtaí socheacnamaíocha le sárú iontu mar thoradh díreach na n-athruithe san earnáil lascaigh.

Tá Iascaireacht agus Dobharshaothrú rithábachtach ina lán pobal cósta agus soláthróidh an clár seo na huirlisí agus na hacmhainní do dhaoine áitiúla - na daoine a bhfuil an tuiscint is fearr acu ar fhadhbanna agus ardmhianta a bpobail féin - chun réitigh a fhreastalóidh ar a riachtanais amach anseo a fhorbairt. Bhí BIM rannpháirteach go hiomlán leis na pobail chósta agus in 2012 tugadh ceapadh na FLAGanna an nasc rithábachtach BIM/pobal cósta sin go dtí leibhéal úr rannpháirtíochta. Go maire sé sin i bhfad.

Ag druidim le deireadh 2012, bhreathnaigh na hionchais d'earnáil bia mara na hÉireann an-mhaith. Tá BIM ag súil leis an acmhainneacht a bhaineann le bia mara na hÉireann a sheachadadh tuilleadh i bhfad i ndiaidh 2012.

Mise le meas,



Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach





An Tionscal Bia Mara a Forbairt, Pobail Chósta a Chothú

Forbairt Iascaigh

An Ciste Eorpach Iascaigh - Bearta um Fhorbairt Bia Mara

Ba ionann iomlán an chúnamh deontais don chabhlach in 2012 agus €306,993 ar fud 107 ártach agus tacaíodh le hinfheistíocht fhoriomlán de €885,730 leis. Faoi Scéim um Shábháilteacht Árthaí Iascaireachta, rinneadh uasghrádú sábháilteachta ar 84 ártach le cabhair deontais dar luach €161,347. Bhain 21 úinéir árthaigh eile leas as deontais um fheabhas cáilíochta ar bord faoin Scéim um Chúnamh Deontais le haghaidh Bainistíocht agus Deimhniú Comhshaoil Bia Mara (Ais 1). Soláthraíonn an scéim seo suas le 40% cúnamh deontais le haghaidh infheistíocht chaipitil ar bord sa réimse cáilíochta agus láimhsithe iasc ar an gcoinníoll go bhfuil córas bainistíochta comhshaoil (EBC) bia mara curtha i bhfeidhm go rathúil ar an ártach, agus go bhfuil caighdeán aitheanta bainte amach le haghaidh an árthaigh (nó, i roinnt cásanna, iascach) agus gur deimhníodh é dá réir sin. Ba ionann iomlán na ndeontas a íocadh agus €117,269 i leith infheistíochta foriomláine de €293,174.

Soláthraítear cúnamh sa Scéim “Cúnamh Speisialta d’Iascairí Óga” d’iascairí óga chun iad féin a bhunú sa tionscal. Féadfaidh iascairí óga (faoi bhun 40 bliain d’aois ag tráth an iarratais), nach raibh úinéireacht nó páirt-úinéireacht acu ar ártach iascaireachta ar bith cheana agus a bhfuil ártach athlámhe iasc geal á cheannach acu den chéad uair, leas a bhaint as cúnamh deontais de 15% de chostais na héadála nó méid nach mór ná €50,000. In 2012, fuair dhá iascaire óga cúnamh deontais dar luach €28,377 chun dhá ártach athlámhe iascaireachta a cheannach ag infheistíocht iomlán de €189,177.

Achoimre ar an gcúnamh deontais:

- Rinneadh uasghrádú sábháilteachta ar 84 ártach lenar bhain costas infheistíochta de €403,379.
- Fuair 21 úinéir árthaigh cúnamh deontais, le haghaidh feabhsúcháin cháilíochta ar bord, dar luach €117,269 bunaithe ar infheistíocht fhaofa iomlán de €293,174.
- Fuair dhá scipéir Cúnamh Deontais Speisialta lena gcéad árthaí iascaireachta a cheannach.
- Fuarthas deontais sábháilteachta le haghaidh dhá ártach ‘turasóireachta muirí’ dar luach €4,946 lenar bhaint costas infheistíochta €14,220.

An Scéim maidir le Bearta um Chosaint Mhuirthimpeallacht - MEPS

Is é is aidhm leis an mbeart seo feasacht agus freagracht ar bheartais chomhshaoil a mhéadú, deimhniú bia mara a chur chun cinn agus cuidiú le nuálaíocht agus inbhuanaitheacht san earnáil gabhála. Tá cúnamh deontais ó 40% go 100% ar fáil faoin mbeart seo. Tá cómhaoiniú 50% á fháil le haghaidh an bhirt seo tríd an gCiste Eorpach Iascaigh (CEI). Tá sé d’aidhm leis an mbeart seo cuidiú le hoibreoirí cuspóirí na dTreoracha Nutra 2000 a bhaint amach chomh maith. In 2012, fuarthas cúnamh deontais dar luach €179,064 i gcomhair ocht tionscadal bunaithe ar infheistíocht de €206,197.

An Scéim um Chúnamh Deontais le haghaidh Bainistíocht & Deimhniú Comhshaoil Bia Mara

Fuair cúig chomharghnó cúnamh deontais de €33,934 faoin Scéim um Chúnamh Deontais le haghaidh Deimhniú Comhshaoil Bia Mara (Ais 3), a ghin infheistíocht iomlán de €126,007 i leith na gcóras bainistíochta comhshaoil bia mara agus an deimnithe táirgí bia mara a fhorbairt. D’éirigh le 212 úinéir árthaigh rannpháirtíochta san iomlán EMS a fhorbairt dá n-ártach agus baineadh deimhniú bia mara iomlán amach le haghaidh 80 dóibh sin le haghaidh cuid chomhaontaithe dá ngabhála bliantúla.



Athbhunú Trosca agus Laghdú ar Ábhar Muirí Aschurtha

- Rinneadh trialacha roghnaíochta sa Mhuir Cheilteach chun imscrúdú a dhéanamh ar roinnt nuálaíochtaí teicniúla ar threalamh iascaireachta (lena n-áirítear painéil mhogaill chearnacha agus méid mogall póca níos mó), ag díriú go príomha ar na bearta a tugadh isteach i Rialachán (AE) 737/2012 ón gCoimisiún, Lúnasa 2012. Bunaíodh paraiméadair roghnaíochta le haghaidh roinnt speiceas san iascach iasc geal measctha sa Mhuir Cheilteach.
- Rinneadh trialacha ag baint úsáide as an mbosca sórtála Seltra in iascach cloicheán (Nephrops) Mhuir Éireann. Bhí torthaí an-mhaithe orthu sin agus bhí an tseachghabháil cadóg, faoitíní agus trosc i bhfad níos lú. Tá tuilleadh trialacha beartaithe le haghaidh 2013 chun tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh ar acmhainneacht na dtrál Seltra agus Flip Flap mar threalamh níos roghaíche san iascach seo.
- Rinneadh trialacha na mBeart Teicniúil 2012 sa Mhuir Cheilteach i leith tuisceana níos fearr a fháil ar a n-iarbhairt ar líontán saighne.
- Rinneadh an dreidireacht N-viro atá tíosach ar bhreosla agus neamhdhíobhálach don timpeallacht a thástáil san iascach muiríní. Dearbhaíodh sna trialacha sin (1) an choigilt shuntasach breosla (thart ar 10%) is féidir a dhéanamh ag úsáid an trealamh seo (ii) an laghdú suntasach i meáchan na gcló agus an

ghairbhéil sa dreidireacht agus (iii) an teagmhas laghdaithe de thruailliú ar eibhear cruu. Os a choinne sin breithníodh níos mó caite sna fiacra agus is troime na costais iad a athsholáthar (i dtéarmaí ama agus airgid araon) ná na sochair.

Deimhniú Idirnáisiúnta ar Bhia Mara na hÉireann

I ndiaidh a fhorbartha thar roinnt blianta, rinneadh Caighdeán BIM um Fhoinsiú Freagrach a chreidiúnú go hiomlán mar chaighdeán creidiúnaithe tríú páirtí a aithnítear go hidirnáisiúnta (ISO 65, EN45011) i mí Mheán Fómhair 2012. Ag cur deimhnithe ar fáil le haghaidh áirteáil iascaireachta agus saoráidí ar an gcladach, cuirtear síos i bpríomh-chomhpháirteanna an chaighdeáin ar na cleachtais freagrachta, cáilíocht, agus inrianaitheacht iasc geal, cloicheán, speiceas peiligeach, agus táirgí crústacha ón táirgeoir go dtí an tomhaltóir.


Ag obair go dlúth leis an tionscal, d'éascaigh BIM 80 áirteach agus saoráid amháin ar an gcladach chun deimhniú ar an gCaighdeán um Fhoinsiú Freagrach a bhaint amach le linn 2012.

I rith 2012 bhí éileamh seasta ann ar fhaisnéis faoin gCaighdeán, go háirithe ó phróiseálaithe a raibh suim acu an creidiúnú a bhaint amach agus táirgí a cheannach ó áirteáil deimhnithe. Agus an tsuim sin á haithint, chuir BIM tús le dara céim de thacaíocht tionscail agus thionscain sé clár chun áirteáil deimhnithe agus saoráidí ar an gcladach a thabhairt le chéile le cuidiú le soláthar éisc dheimhnithe ar fáil don earnáil miondíola a ghiniúint.

Láimhsiú agus Cáilíocht Iasc

Treoraithe ag ceanglais an Chaighdeáin um Fhoinsiú Freagrach, díriodh forbairtí i láimhsiú agus cáilíocht iasc ar an gcleachtas is fearr a chur i láthair agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil le haghaidh pointí (rialúcháin) criticiúla sa phróiseas iniúcháireachta. Áiríodh orthu siúd treoir um láimhsiú agus um cháilíocht maidir le leathnú an Chaighdeáin um Fhoinsiú Freagrach go dtí iascach gliomach a éascú; oighriú iasc úr; úsáid deighilteoirí in iascach peiligeach; agus paraiméadair cháilíochta an iascaigh tuinníní colgacha.

Rinneadh ábhar na gcúrsaí creidiúnaithe FETAC 'Care of the Catch' agus Sláinteachas Bia Mara a athbheithniú agus a nuashonrú ag roinnt ionad le linn na bliana.



Idirghníomhaíochtaí Iascaigh le Speicis faoi Chosaint

Arna cheangal go dlíthiúil faoi roinnt éagsúil bearta iascaigh agus comhshaoil, rinneadh monatóireacht agus bainistíocht ar sheachghabháil na speiceas faoi chosaint lena n-áirítear céiticigh, róna, ealásmaibraincigh agus éin arís in 2012. Buncheanglas de Chaighdeán BIM um Fhoinsiú Freagrach atá aitheanta go hidirnáisiúnta is ea an mmonatóireacht sin chomh maith mar aon le caighdeán inbhuanaitheachta na Comhairle Maoirseachta Muirí (MSC). Ní bhaineann ‘idirghníomhaíochtaí’ le speicis faoi chosaint le hiarmhairtí na seachghabhála ar speicis mhuirí amháin ach áirítear orthu chomh maith na hiarmhairtí diúltacha a d’fhéadfadh mamaigh mhuirí a bheith acu, go háirithe róna, ar iascach tríd an ngabháil a thabhairt leo (foghail) nó trí dhul san iomaíocht le haghaidh acmhainní éisc.

Cuireadh clár faireacháin tiomanta neamhspleách i gcrích i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Mhaigh Eo ina ndearnadh faireachán ar feadh 90 lá ar oibríochtaí tráleaireachta iasc peiligeach in iascach ronnach, scadán, bolmán, tuinníní colgacha agus trosciasc. Ní dhearnadh faireachán ar sheachghabháil céiticeach nó speiceas ar bith eile faoi chosaint. Fágann sé sin go ndearnadh 703 lá faireacháin san iomlán in iascach tráleaireachta iasc peiligeach trí chlár faireacháin neamhspleácha, trialacha teicniúla agus suirbhéanna ar iascach ó bhí 2005 ann. Léiríonn an dá theagmhas a tharla maidir le dhá dheif choiteanna a ghabháil mar sheachghabháil le linn na tréimhse sin riosca íseal um sheachghabháil céiticeach san iascach sin. Rinneadh na torthaí sin a chur i láthair agus a dhoiciméadú ag grúpa oibre ICES maidir le seachghabháil speiceas faoi chosaint.

Leanadh de thionscadal ar fhoghail agus ar sheachghabháil róna i gcomhpháirtíocht le hIonad Taighde Cósta is Mara agus le Foras na Mara. Rinneadh thart ar 50 lá faireacháin san iascach um eangach gheolbhaigh chun ceisteanna maidir le foghail a chainníochtú agus ceisteanna maidir le seachghabháil a scrúdú.

Tuinníní

Leanadh de chlár cibeála satailíte le linn 2012. Cuireadh faisnéis mhionsonraithe ar fáil sa tionscadal seo maidir le roghanna doimhneachta agus iompraíocht imirceach tuinníní colgacha; faisnéis atá rithabhachtach maidir le grinntuiscint a fháil ar roghanna imirceacha an speicis seo. Ní hamháin go gcuidíonn sé sin le hiascairí éisc a rianú ach cuireann sé go mór le bainistíocht an stoic tuinníní colgacha fosta.

Bainistíocht Dramhaíola

Rinneadh 80 tona san iomlán de shean-eangacha aonfhilliméid níolóin, ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus Daingean Uí Chúis den chuid is mó, a athchúrsáil. Leanadh den imscrúdú maidir le húsáidí oiriúnacha a bhaint as líontán tráil athchúrsáilte atá déanta as poileitiléin (PE) agus rinneadh 4 thona de mhillíní PE a táirgeadh as trialacha athchúrsála a rinneadh in 2012 a easbhrú go leatháin MDPE 12mm lena n-úsáid chun táirgí plaisteacha a dhéanamh. Mar chuid den triail úsáideadh an leathán go rathúil chun an t-umar spréite ag saoráid Electrolux Ireland i mBaile Átha Cliath a athchóiriú. Rinneadh trialacha chomh maith chun táirgí oiriúnacha agus prótacail mhúnlaíthe a dhearbhu i gcomhair an ábhair PE athchúrsáilte agus múnlaíodh roinnt táirgí fréamhshamhla.

Iascach i láithreáin Natura 2000

Rinneadh tuilleadh oibre ag bailiú sonraí scála spáis maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéir ina bhfuil gnáthóga íogair laistigh de láithreáin Natura, lena n-áirítear Loch Trasna. Úsáideadh na sonraí sin chun Plean Natura Iascaigh a fhorbairt don bhá.

I gcomhair le Foras na Mara cuireadh measúnuithe stoic mór-iascaigh dhébhlaoscaigh chladaigh i gcrích. Áiríodh orthu siúd oisrí agus muiríní Chuan Chill Chiaráin agus oisrí Bhá Thrá Lí.

Eacnamaíocht: Creat um Bailiú Sonraí

Lean BIM dá oibleagáid náisiúnta a chomhlíonadh faoi Chreat um Bailiú Sonraí (CBS) an AE chun sonraí eacnamaíocha a bhailiú ón gcabhlach iascaigh agus ó na hearnálacha do bharshaothraithe agus próiseála de réir Chlár Náisiúnta na hÉireann.

Forbraíodh foirmeacha bailithe sonraí ó fhaisnéis iascaireachta agus eacnamaíoch a bhailiú ón gcabhlach cladaigh agus gníomhach (.i. os cionn 10 méadar ar airde) agus cuireadh struchtúr bainistíochta sonraí i bhfeidhm chun sonraí a stóráil agus a aisghabháil. D'éirigh leis an tionscal sonraí eacnamaíocha a chur ar ais, cé nach raibh ann ach méid beag, agus cuireadh isteach chuig an gComhionad Taighde iad agus ullmhaíodh an Tuarascáil Bhliantúil Eacnamaíochta don Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF).

Cás-Staidéir Eacnamaíocha

Lean gníomhaíocht Chomhoibritheach ag geallsealbhóirí áitiúla chun leibhéal na gníomhaíochta bia mara ag lonaíodh Cuan Iascaireachta de bheith ina ábhar um thacaíocht BIM le linn 2012. Cuireadh an cás-staidéir le haghaidh Bhaile Chaisleáin Bhéarra i gcrích agus lainseáladh é i mí na Bealtaine 2012 agus i lár 2012, cuireadh suirbhéanna eacnamaíocha le haghaidh lonaíodh Chuain Dhún Mór Thoir agus Ros an Mhíl agus a gcúlchríocha chun tairisceana. Táthar chun an dá tuarascáil sin a eisiúint in 2013. Leanfar den tsamhail oibre rathúil um rannpháirtíocht agus um threoir áitiúil, mar aon le tacaíocht BIM a úsáid mar bhonn i gcomhair tuilleadh staidéir ar chalafoirt náisiúnta.

Clár na nÁrthaí Fairtheora

In 2012, leanadh i gClár na nÁrthaí Fairtheora BIM de shonraí feidhmíochta a bhailiú ó árthaí iascaireachta cladaigh (níos lú ná 10 méadar ar airde) chun ceanglais an Chreata um Bailiú Sonraí an AE a chomhlíonadh. Gabháladh faisnéis rithabhachtach sa chlár seo maidir le rátaí gabhála agus maidir leis an bhfeidhmíocht eacnamaíoch ó 88 ártach, ó cineálacha iascaigh roghnaithe laistigh den chabhlach cladaigh.

Comhairle Chomhairleach Réigiúnach Uiscí an Iar-Thuaiscirt (CCRUIT)

Tá Rúnaíocht an CCRUIT óstáilte ag BIM i nDún Laoghaire In 2012, cuireadh an clár CCRUIT um chruinnithe grúpa oibre agus coiste feidhmiúcháin i bPáras agus i mBaile Átha Cliath i gcrích le cruinniú Comhthionóil an CCRUIT i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 26 Meán Fómhair 2012. Le linn na bliana, d'eagraigh an Rúnaíocht cruinnithe breise, sainiúla maidir le roinnt topaicí lena n-áirítear sciataí, roic agus siorcanna, iascach na Mara Ceiltí, aisghabháil trosc, bainistíocht iascach Mhuir Éireann agus iascach domhainfharraige.

Bhí baint thábhachtach ag CCRUIT maidir le socrúchán oibre úr le ICES a chruthú chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníochtú faisnéise ó iascach ina bhfuil easpa sonraí agus táthar ag éirí leis an tionscnamh seo fós. Freastalaíodh ar chruinnithe bliantúla na RACanna le ICES agus cruinnithe comhordaithe leis an gCoimisiún le linn na bliana.



Achoimre ar Íocaíochtaí na Rannóige um Fhorbairt Iascaigh 2012

CINEÁL DEONTAIS	UIMH	INFHEISTÍOCHT IOMLÁN	INFHEISTÍOCHT INCHÁILITHE	DEONTAS AE	DEONTAS STÁIT	DEONTAS IOMLÁN
An Scéim um Shábháilteacht Cabhlaigh	84	€403,379	€403,379	€0	€161,347	€161,347
Bainistíocht & Deimhniú Comhshaoil (Cuid B)	21	€293,175	€293,175	€47,278	€69,991	€117,269
Cúnamh Speisialta d'Iascairí Óga	2	€200,824	€189,177	€14,189	€14,188	€28,377
An Scéim um Chosaint Mhuirthimpeallacht	8	€204,971	€204,971	€83,584	€94,255	€177,839
Bainistíocht & Deimhniú Comhshaoil (Cuid A)	212	€126,007	€126,007	€15,949	€17,985	€33,934
Gliomaigh i leith Eangaithe	211	€109,191	€109,191	€33,412	€37,678	€71,090
Éagsúlacht Chladaigh (Deontais Sábháilteachta)	3	€14,220	€14,220	€0	€4,946	€4,946
Iomlán	541	€1,351,767	€1,340,120	€194,412	€400,390	€594,802

Forbairt Dobharshaothraithe

In 2012 leanadh d'obair na Forbartha Dobharshaothraithe ar an Tionscadal um Bradáin Domhainfharraige. Ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht le comhghleacaithe i bhForas na Mara (FM), d'ullmhaigh BIM Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) fairsing agus chuir sé iarratas isteach ar cheadúnas dobharshaothraithe agus ar cheadúnas comhghabhálach urthrá maidir leis an láithreán feirm bradán i mBá na Gaillimhe. Chomhthionscain BIM agus FM imscrúdú láithreáin agus próiseas tosaigh roghnúcháin maidir le tuilleadh iarratas féideartha ar cheadúnais dobharshaothraithe Domhainfharraige gar d'Inis Bó Finne, an Ghaillimh agus Inis Toirc, Maigh Eo.

Choimisiúnaigh BIM staidéar eipidéimeolaíochta maidir le Galar Aiméibeach na nGeolbhach i mbradáin i gcomhar leis an tionscal mar fhreagairt ar dheacrachtaí a tharlaíonn mar thoradh ar an siondróm seo. Déanfar na torthaí a fhógairt don tionscal in 2013.

Lean BIM de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhálaí comhshaoil ar fheirmeacha oisrí na hÉireann. Cuireadh na sonraí isteach chuig Foras na Mara le húsáid mar bhonn eolais ar staidéar eipidéimeolaíochta maidir le héifeachtaí OsHV1-uvar ar oisrí óga. Bunaíodh dhá chóras iasclann oisrí trialach leis an tionscal sa deisceart agus san iarthar. Rinneadh umar iasclainne bunaithe ar thalamh beag a thógáil agus a thástáil i nDún Garbháin agus tógadh Córas um Thonnadh Aníos Snámhach (FLUPSY) sa Chlár. I gcomhar le Foras na Mara agus gorlann oisrí d'fhéach BIM ar an bhféidearthacht stoc goir teitreaplóideach a bhunú d'oisrí gigas.

Tháirg Carton Point Shellfish Ltd. 15,000m de shreang cnuasaitheoir feamainn síolaithe (*Alaria esculenta*) ag gorlann mhuirí cheadúnaithe (Stáisiún Taighde Mara Daithi O' Murchú) faoi thairiscint iomaíoch BIM. Baineadh feidhm as an bhfeamainn san fhómhar/sa gheimhreadh ag láithreáin cheadúnaithe fáis i gCuan Fionntrá agus i Loch Trasna. Baineann toradh féideartha suas le 105 tona fliuchmheáchan táirgí feamainne leis an sreang cnuasaitheoir síolaithe seo i gcomhair fómhair in earrach/samhradh 2013. Chuir BIM cion le tiomaitheoir feamainne dílsithe a fhorbairt lena úsáid ag feirmeoirí feamainne.

Mar is gnách rinne an Rannóg suirbhéanna fairsingíocha ar dhiúilicíní síl don earnáil diúilicíní bunfhásta ag úsáid an M.V. 'T.Burke'. Ar an drochuair ba dhrochbhliain a bhí in 2012 le haghaidh socrú diúilicíní síl ar an gCósta Thoir gan ach thart ar 4,000 tona síl lonnaithe agus aimsíodh 2,000 tona eile i Loch na dTrí gCaol.

An Rannán Pleanála Gnó Dobharshaothraithe

Bunaíodh Rannán Pleanála Gnó Dobharshaothraithe (PGD) de chuid an chlár CCRUIT um ghrúpa oibre agus um fheidhmiúchán in 2012 agus cuirtear tacaíocht ar fáil ann do tháirgeoirí dobharshaothraithe a sholáthraíonn na seirbhísí seo a leanas:

- Pleananna agus straitéisí gnó a fhorbairt do tháirgeoirí dobharshaothraithe.
- Rochtain ar an margadh a fhorbairt trí naisc le Bord Bia agus gníomhaireachtaí Stáit eile.
- Infheisteoirí a lorg le haghaidh fiontair dobharshaothraithe úra agus reatha.
- Seirbhísí faisnéise a chur ar fáil maidir leis an earnáil dobharshaothraithe idirnáisiúnta.
- Athbhreithniú bliantúil maidir le stádas dhobharshaothrú na hÉireann a sholáthar.

Le linn 2012 bhí baint thábhachtach ag an Rannán PGD le cuidiú le cuideachtaí i bhforbairt a gnóthaí. Ag obair go dlúth le Bord Bia bhí sé ar chumas na Rannóige PGD cúnamh a chur ar fáil maidir le hanailís a sholáthar ar áit an mhargaidh agus ar fhorbairt pleananna gnó chun feidhm a bhaint as deiseanna margaidh reatha. Cuireadh deich gcuideachta san iomlán tríd an gClár Pleanála Gnó Dobharshaothraithe in 2012. Go sonrach bhain an tionscal oisrí tairbhe as é seo agus díolacháin easpórtála ag méadú 33% in 2012. Chomh maith leis sin tugadh faoi lainseáil na gcéad diúilicíní orgánacha saothraithe ó ghrinneall na farraige a bhain le dlúth-chomhoibriú le táirgeoirí agus pacálaithe sa mhargadh Eorpach.

Rinneadh an suirbhé bliantúil um tháirgeadh dobharshaothraithe a chorprú sa rannóg PGD chun leanúint de léargas tráthúil agus cruinn ar stádas reatha dhobharshaothrú na hÉireann a sholáthar. Cuireadh achoimre de na sonraí sin i láthair an tionscail agus páirtithe leasmhara i leabharlann faisnéise éasca le léamh.

An Rannóg Forbartha Tionscadal

Ba ionann an infheistíocht iomlán sa dobharshaothrú in 2012 agus €940,857.99. Fuarthas cúnamh deontais de €546,456.40 i leith na hinfheistíochta seo, idir thionscadail phoiblí agus phríobháideacha araon.



Acmhainneacht Bhia Mara na hÉireann a sheachadadh

An Scéim um Fhorbairt Dobharshaothraithe Tráchtála

Is é is cuspóir iomlán le Scéim um Fhorbairt Dobharshaothraithe Tráchtála an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 forbairt tráchtála an dobharshaothraithe a chur chun cinn ar bhonn a bheidh inbhuanaithe i gcomhthéacs airgeadais, teicniúil agus comhshaoil. Fograíodh glao foirmiúil ar iarratais maidir le tionscadail faoin Scéim sa Nuachtán Náisiúnta an 7 Bealtaine 2012.

Fuair BIM aon déag iarratas agus aistarraingíodh sé cinn díobh i ngeall nár chomhlíon siad na critéir cháilitheachta.

D'fhaomh an Bord Roghnúcháin Dobharshaothraithe cúig n-iarratas i gcomhair cúnamh deontais ag cruinniú an 3 Lúnasa 2012.

Ba ionann an infheistíocht iomlán a cuireadh i bhfeidhm sa dá iarratas (cuirfear an trí cinn eile i gcrích in 2013) agus €146,200.80 ar íocadh €58,480.32 de chúnamh deontais ina leith.

Scéimeanna Forbartha Dobharshaothraithe BIM

I ngeall ar fhaomhadh an Chláir Náisiúnta um Bia Mara na hÉireann bhíothas ábalta Scéimeanna BIM a chur i

bhfeidhm a bhí dírithe ar chuidiú le trialacha maidir le teicneolaíocht nuálach i ndobharshaothrú tráchtála chun iomaíochas a fheabhsú; féidearthacht eacnamaíoch agus theicniúil láithreán agus speiceas úr a bhunú; chun cuidiú le bearta maidir le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil, sláinte agus leas iasc agus cáilíocht táirgí; chun sláinte agus sábháilteacht cheirde agus scileanna a chur chun cinn agus chun dobharshaothrú a chomhchuibhiú i bpobail chósta agus tuaithe. Tugadh cúnamh i leith fiche a ceathair iarratas tionscadail faoi scéimeanna BIM.

Íocaíochtaí Deontais

Ba ionann na híocaíochtaí deontais le tionscadail BIM faoi Scéim um Fhorbairt Dobharshaothraithe Tráchtála an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 le linn 2011 agus €58,480.32 ar chostais infheistíochta cáilithe de €146,200.80. Ba ionann na híocaíochtaí deontais i leith tionscadail BIM faoi Scéim um Dobharshaothrú Tráchtála an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 le linn 2011 agus €58,480.32 ar chostais infheistíochta cáilithe de €146,200.80. Chuir íocaíochtaí deontais le chéile de €546,456.40 i leith Dobharshaothraithe in 2012 taca faoi infheistíocht iomlán de €940,857.99 agus tá siad liostaithe de réir tairbhí agus contae ar na sceidil atá ceangailte.

Forbairt Gnó agus Nuálaíocht

Comhthéacs

Ar aon dul le garspriocanna Fhómhar Bia 2020, chun luach a mhéadú faoi €50 milliún faoi 2013 agus faoi €100 milliún faoi 2015, tá sé ina thosaíocht ag BIM an luach ó bhonn soláthair an amhábhair a uasmhéadú. Cé go bhfuil Éire measartha beag i scála, tá amhábhair lómhara inti agus tá an acmhainneacht inti a bheith ina himreoir suntasach sna margáí bia mara breisluacha.

Tá an t-éileamh domhanda ar bhia mara ag fás go tapa, go háirithe i margáí cathrach úra san Áise agus i Meiriceá Thuaidh. Leanfaidh na daonraí flúirse sna margáí úra sin den éileamh a fhás ar raon fairsingíoch cur i láthair agus formáidí táirgí bia mara.

Laistigh de mhargáí bunaithe an AE, feicfear an t-éileamh tríd an toraíocht leanúnach ar áis i roghanna béile agus trí dhaonra scothaosta ag lorg tairbhí sláintiúla an bhia mara. Tiocfaidh soláthar amhábhair feabhsaithe ó theicneolaíochtaí nuálacha do bharshaothraithe agus ón iascach gabhála a fhorbófar le cabhair ó bhearta maidir le caomhnú stoic agus inbhuanaitheacht.

Earnáil Próiseála Bia Mara na hÉireann

Go traidisiúnta, dhírigh earnáil bia mara na hÉireann ar phríomh-mhargáí AE sa Fhrainc, sa Spáinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin agus bulc-easpórtálacha ag dul go dtí na margáí sin. Leis an gcúlú agus an laghdú sa chumhacht ceannaigh ag maolú an éilimh i margáí an AE, áfach, tá easpórtálaithe bia mara na hÉireann ag aistriú a bhfócais ar mhargáí úra san Áise, sa Rúis agus san Afraic agus le linn 2012 ba ionann na n-easpórtálacha iontu agus beagnach 30%.


Tá earnáil bia mara na hÉireann “faoi scála” i gcomparáid leis an iomaíocht idirnáisiúnta. Tá 138 cuideachta chláráithe bia mara ag a bhfuil saoráidí próiseála in Éirinn; tá láimhdeachas níos mó ná €45 milliún ag dhá chuideachta, tá meánláimhdeachas idir €10 – €25 milliún ag 30 cuideachta agus láimhdeachas níos lú ná €1 milliún ag líon mór cuideachtaí.

Is codarsnacht é sin le gnáthiomaitheoir Eorpach a bhfuil láimhdeachas níos mó ná €50 milliún acu.

Feidhmíocht na hEarnála Bia Mara 2012

Le linn 2012, lean easpórtálacha bia mara na hÉireann (lena n-áirítear min & ola éisc) a bhfeidhmíocht shármhaith le fás 21% go €517 milliún, méadú €88 milliún i gcomparáid le 2011. Ó bhí 2008 ann, tá fás 53% tagtha ar easpórtálacha bia mara na hÉireann ó €339 milliún in 2008 go €517 milliún in 2012.

Luachanna Easpórtála Bia Mara na hÉireann 2008 – 2012



Is fiú €362 milliún easpórtálacha chuig tíortha an AE in 2012 arbh ionann iad agus 70% dár n-easpórtálacha bia mara, méadú 6% i gcomparáid le 2011. Is iad an Fhrainc, (23%), an Bhreatain Mhór (15%), an Spáinn (10%), an Ghearmáin (6%), an Iodáil (5%) agus an Ísiltír (3%) na príomhthíortha san AE chuig a gcuirtear easpórtálacha as Éirinn.


In 2011, cuireadh €39 milliún nó 9% d' easpórtálacha na hÉireann chuig tíortha na hAfraice. In 2012, mhéadaigh an figiúr sin go 21%. Déantar d'éisc pheiligeacha (Ronnaigh, Scadáin, Faoitíní Gorma) a easpórtáil go dtí na tíortha sin agus is iad an Nigéir (13%), Camarún (4%) agus an Éigipt (3%) na príomhthíortha chuig a gcuirtear easpórtálacha as Éirinn.

Ó bhí 2012 ann, tá fás 53% tagtha ar easpórtálacha bia mara na hÉireann ó €339 milliún in 2011 go €517 milliún in 2012.


Breislúach Trí Nuálaíocht



Treochtaí i Sciar den Mhargadh Easpórtálacha Bia Mara na hÉireann ó 2011 go 2012 € MILLIÚIN



Easpórtálacha Catagóirí Bia Mara EASPÓRTÁLACHA BIA MARA NA hÉIREANN IN 2012 € MILLIÚIN



Ba ionann na heaspórtálacha peiligeacha agus 41% d'easpórtálacha na hÉireann in 2012 le luach €214 milliún, méadú 43% i gcomparáid le 2011. Bhí méadú 74% ar thoirteanna na n-easpórtálacha peiligeacha in 2012 i gcomparáid le 2011. Ba ionann na heaspórtálacha iasc geal agus €49 milliún, 10% d'iomlán na n-easpórtálacha, méadú 7% ar luach agus 12% ar thoirt i gcomparáid le 2011>.

Ba ionann na heaspórtálacha sliogéisc agus 29% d'easpórtálacha bia mara na hÉireann in 2012, lena n-áiríodh Portáin (€28 milliún), Cloicheáin (€43 milliún), Diúilicíní (€20 milliún) agus Sliogéisc eile (€58 milliún). Bhí laghdú 7% ar luach agus 12% ar thoirt maidir le foriomlán na n-easpórtálacha sliogéisc i gcomparáid le 2011>.

B'fhiú €61 milliún easpórtálacha bradán agus in 2012. Maidir le 12% d'easpórtálacha bia mara na hÉireann bhí méadú 11% ar luach agus 9% ar thoirt orthu i gcomparáid le figiúirí easpórtála 2011.

B'fhiú €31.2 milliún easpórtálacha min agus ola éisc, méadú 127% ó €13.7 milliún in 2011.

An Margadh Intíre Bia Mara

In ainneoin dálaí deacra sa mhargadh miondíola in 2012, b'fhiú €193 milliún Margadh Miondíola Bia Mara na hÉireann sna 52 seachtain dar críoch 23 Nollaig 2012, méadú suntasach 5.2% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá sé sin i ngeall ar shiopaí Éireannacha a bheith ag ceannach iasc níos minice.

Léirítear na comharthaí deimhneacha san fhás foriomlán i ndíolacháin iasc. Ar bhonn eárnála tá an ráta fáis éisc níos mó ná an ráta fáis éineola, mairteola agus muiceola mar aon le hiomlán na grósaíreachta.

Tá díolacháin iasc úr ag fás 7.6% bliain ar bhliain, agus tá díolacháin iasc reoite ag fás 1.7% bliain ar bhliain. I ndíolacháin iasc úr is iad cadóga, faoitíní, bradáin agus colmóirí na speicis atá ag fás bliain ar bhliain.

Díoltar 28.2% d'éisc reoite ag praghasphointe euro slán agus cuirtear an chatagóir chun cinn go suntasach. Leanann na lascaineoirí Aldi agus Lidl dá sciar den mhargadh a mhéadú agus tá siad ag feidhmiú chun tosaigh ar an margadh agus fuair Dunnes Stores cuid den sciar a chaill siad ag deireadh 2012 ar ais.

Tá seirbhís margaidh bhia mara na hÉireann measta ag €136 milliún.

Cláir FGN le linn 2012

Uasmhéadaítear acmhainneacht earnáil bia mara na hÉireann sa chlár FGN trí sheirbhísí tráchtála ábhartha trína spreagtar fás, brabúsacht agus fostaíocht gnó a sheachadadh.

Cuspóirí Straitéiseacha FGN

Mar chuid de Straitéis 2010 - 2012 BIM, acmhainneacht Bhia Mara na hÉireann a Sheachadadh, díríonn FGN ar phríomhchuspóirí a thacaítear trí phunann gníomhartha.

1. Príomhcheisteanna earnála a ghabháil trí Bhainistíocht Catagóirí Bia Mara.
2. Fócas tráchtála níos géire a fhorbairt le cuideachtaí próiseála agus díolacháin bia mara.
3. Trádáil seirbhís miondíola agus bia a fhorbairt.
4. Breisluach a chruthú trí nuálaíocht agus trí tháirgí úra a fhorbairt trí Ionad Forbartha Bia Mara BIM (SCD).
5. Bia mara na hÉireann a idirdhealú in áit an mhargaidh trí lipéadú agus brandáil cháilíochta, orgánach agus éiceolaíoch.

Torthaí sainiúla a baineadh amach le linn 2012

- Tá méadú 21% tagtha ar easpórtálacha bia mara go €519 milliún (€88 milliún sa bhreis).
- Aisghabháil sa mhargadh intíre bia mara le méadú 5% ar luach san earnáil miondíola.
- Meastar go nginfear 113 post úr i gcuideachtaí bia mara tagarmharcála.

- Mar chuid den clár um scálú, bunaíodh ceithre ghrúpa comhfhiontair um bia mara le linn 2012.

Cláir

- 8 Tionscadail Bainistíochta Catagóirí.
- 18 Tionscadail Infheistíocht Próiseála le hinfheistíocht iomlán de €12.8 milliún.
- 12 Tionscadail Breisluach Bia Mara le hinfheistíocht iomlán de €348,000.

- Ghlac ceithre céimí páirt i gclár oiliúna & imlonnaithe SDC.

1. Príomhcheisteanna earnála a ghabháil trí Bhia Mara Bainistíocht Catagóirí.

Bainistíocht Catagóirí um Bia Mara - tugadh faoi ocht tionscadal, inar díríodh ar thionscadail 'ar mhaithe leis an leas coiteann' a fhorbairt. Áiríodh orthu siúd cláir 'Lean and Green', forbairt láithreán Gréasáin chun pointe difríochta a chruthú le haghaidh speiceas Éireannach, agus luach a chur le speicis tuinníní agus trosciasc. Rinneadh foireann FGN na tionscadail sin a stiúradh agus a bhainistiú agus bhí torthaí deimhneacha orthu a rachaidh chun sochair earnáil fhoriomlán bia mara na hÉireann.

Scéim Tacaíochta BIM um Bealach chun an Mhargaidh - Scálú - tacaítear sa scéim le cuideachtaí bia mara chun oibriú mar chomharghnó, ionas go mbeidh siad ábalta dul isteach i margaí úra, an chumhacht idirbheartaíochta a mhéadú, barainneacht scála a bhaint amach agus feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí, táirgí úra nuálacha a chur ar fáil agus soláthairtí amhábhair a chosaint.

I ndiaidh ceardlann tionscail ar ar fhreastail a lán daoine i mí Eanáir, forbraíodh ceithre chomharghnó/Chomhfhiontar lena n-áirítear comhfhiontair don Áise, don tSín, don Fhrainc agus comhcheangail Táirgeoirí/Próiseálaithe le haghaidh forbairt mhargaidh Seirbhís Bia na hÉireann agus trosciasc do mhargaí na hAfraice.

2. Fócas tráchtála níos géire a fhorbairt le bia mara. cuideachtaí próiseála agus díolachán.

Tacaíonn an Scéim um Infheistíocht Próiseála Bia Mara le hinfheistíocht san earnáil próiseála. Ag eascairt go sonrach ó infheistíocht €12.8 milliún a rinne 18 gcuideachta próiseála bia mara in 2012, le €2.6 milliún i gcúnamh deontais faoin Scéim Infheistíochta um Ghnó Próiseála Bia Mara arna feidhmiú ag BIM, táthar ag súil go gcruthófar 296 post breise agus méadú ar dhíolacháin táirgí bia mara breisluacha de bheagnach de €105 milliún faoi 2015.

Leanadh den Chóras Bainistithe Príomhchuntas a fhorbairt, lenar bhain ceithre bhall foirme (BPCanna) ar fud na hÉireann ag gníomhú mar phointí teagmhála tiomanta idir BIM agus próiseálaithe bia mara. D'éirigh leis an gcóras sin agus fuarthas aiseolas deimhniú ón tionscal ina leith, toisc go gcuireann sé ar a gcumas raon leathan seirbhísí a rochtain trí phointe teagmhála amháin. Lena chois sin cuidíonn sé leis an gcomhéadan custaiméirí éifeachtach do BIM agus le tuiscint fheabhsaithe ar gnólachtaí aonair agus ar an earnáil ina hiomláine.

Tá na BPCanna ar fáil chomh maith do chuideachtaí bia mara lena n-úsáid i gcomhair pleanáil, meantóireacht agus comhairle gnó. Trí leas a bhaint as a saineolas suntasach, úsáideann a lán cuideachtaí bia mara na BPCanna chun straitéisí gnó amach anseo, feidhmíocht an mhargaidh agus deiseanna um Fhorbairt Táirgí Úra (NPD) a phlé.

Cuireadh taighde agus faisnéis margaidh ar fáil chun raon leathan réimsí a chumhdach, ó easpórtálacha bia mara na hÉireann ar fud an domhain, go dtí taighde ina ndearnadh imscrúdú ar dheiseanna féideartha margaidh do bhia mara na hÉireann san Áise. Úsáidtear an fhaisnéis sin ar raon bealaí - ó straitéis inmheánach BIM go dtí cuidiú le cuideachta bia mara na hÉireann tuiscint a bheith acu ar mhargai bia mara idirnáisiúnta. Lena chois sin úsáidtear méid suntasach de na sonraí chun treoir a thabhairt do cuideachta le tionscadail bhreisluacha / NPD.

Clár um Meantóireacht Costála Táirgí

Chun tacú le táirgiúlacht próiseála, d'aithin BIM an gá le feabhas a chur ar chostáil táirgí ag an gcéim phróiseála agus déantúsaíochta. Tá an t-easpa um chostáil agus tomhas táirgí caighdeánach sin coitianta laistigh d'earnáil bia mara na hÉireann, agus cuireadh sainoiliúint ar fáil sa chlár chun é sin a phlé le sé phróiseálaí bia mara. Áiríodh air sin eolas, scileanna, tuiscint agus na huirlisí chun anailís costála táirgí éifeachtúil ghairmiúil a dhéanamh ar a n-oibríochtaí táirgthe. Cuimsíonn sé sin fachtóirí seachtracha laistigh den aonad agus próiseáil táirgthe, agus breathnú agus tuiscint ar praghsanna geata ex-monarcha .i. costais lóistíochúla nó mhargaíochta. Chuimsigh na cuideachtaí a ghlac páirt sa scéim raon leathan speiceas agus formáidí táirgí. Chuidigh an clár le coigiltis fhéideartha os cionn €800,000 do na cuideachtaí bia mara a shainaithint.

Seirbhísí Próiseála

Cuireadh Lámhleabhar um Chóras Bainistíochta ar Shábháilteacht Bia i gcrích chun cuidiú le próiseálaithe beaga agus ceardaí. Is é is feidhm leis an lámhleabhar an tseirbhís don earnáil seo a chaighdeánú agus ionchur ó bhaill foirne BIM a chuíchóiriú. Cé go mbaineann an rannán seo le próiseálaithe beaga agus ceardaí mar fhiontair bheaga, ina bhfostaítear idir fostaí amháin agus sé fhostaí ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, níl ach acmhainneacht bheag acu le haghaidh fáis, ach soláthraíonn siad gné thábhachtach d'íomhá bia ardchaighdeáin atá déanta de láimh, atá tábhachtach d'íomhá fhoriomlán na hearnála bia mara. Eisíodh an Lámhleabhar CBSB chuig cúig cuideachta, le linn 2012 sa chás gur chuir dhá cheann díobh an phróiseas i gcrích agus tá an chuid eile le cur i gcrích sa chéad ráithe in 2013.



Oiliúint

Chuir BIM 1,145 áit oiliúna ar fáil d'fhoireann an tionscail bhia mara ag Coláiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann (CNIÉ), an Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí agus ar a hAonaid taistil um Oiliúint Chósta inar tugadh cuairt ar 20 suíomh cósta in 2012. Lena chois sin, tionóladh líon taispeántas ar sheaicéid tarrthála, lena n-áirítear imeacht Volvo Ocean, ceardlanna agus seimineáir ar raon éagsúil topaicí thart ar an gcósta.

Mar thoradh ar fheachtas chun sábháilteacht mara a chur chun cinn ar fud na tíre eisíodh 509 cárta ar an iomlán maidir le Bunoiúint Sábháilteachta BIM in 2012.

Cuireadh athchóiriú ar fhoirgneamh lena buadh duais BIM agus Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí i gcrích le linn na bliana agus bhain líon eagraíochtaí pobail áitiúla agus deonacha leas as an tsaothair. Chuir líon baill foirne BIM Deimhniú náisiúnta i Sláinte agus Sábháilteacht i gcrích trí chianoiliúint.

Oiliúint maidir le Sábháilteacht Bia Mara

Le linn 2012, chuir caoga a haon pearsanra ón tionscal bia mara, lena n-áirítear roinnt iascairí a reonn bia mara ar bord a n-árthaí, a nDeimhniú FETAC i gcrích i mBainistíocht Sláinteachas Bia agus AGPRC Bunaithe ar Riosca do Ghnólaigh Bia ag suíomhanna i mBaile Átha Cliath, Cloich na Coillte, Gaillimh, agus Dún na nGall. Bhí an formhór díobh ag obair sa tionscal bia mara cheana, ach chinn cuid díobh tús a chur le gairm úr trína bhfiontair bia mara féin a chur ar bun.

Ceardlanna, Seimineáir agus Imeachtaí Gairme

Le linn 2012, ghlac 100 daoine aonair san iomlán páirt i gceardlanna agus seimineáir BIM ar thopaicí maidir le sábháilteacht ar muir, próiseáil bia mara agus dobharshaothrú sliogaisc. Ina theannta sin, ghlac baill foirne BIM páirt i 6 himeacht réigiúnacha faoi ghairmeacha i gcomhar le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí agus líon féilte bia mara i gcalafoirt iascaireachta thart ar an gcósta chun gairmeacha sa tionscal bia mara a chur chun cinn i measc na dtreoirchomhairleoirí scoile agus na mac léinn araon.

Iascaigh agus Oiliúint Dobharshaothraithe

Le linn na bliana chuir 52 iascaire cúrsaí oiliúna i gcrích as a bhfuair siad Deimhnithe Inniúlachta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) maidir le hOifigeach Deice (Árthach Iascaireachta) sa Chaisleán Nua agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Rinneadh sé mhac léinn déag staidéar i gcomhair na nDeimhnithe Inniúlachta DTTAS/FETAC maidir le hOifigeach Innealtóireachta (Árthach Iascaireachta) Aicme 2 agus Aicme 3 agus chuir 79 mac léinn eile an modúl FETAC um Próisis Innealtóireachta Mara atá deartha i gcomhair árthaí cladaigh i gcrích. Eisíodh Deimhnithe um Chomhrac Dóiteáin Mhuirí atá comhlíontach le STCW-95 ar ochtú a hocht iascaire i ndiaidh dóibh dianchúrsaí oiliúna 3 lá agus 4 lá a dhéanamh in aonad nua-aimseartha oiliúna dóiteáin BIM sa Chaisleán Nua. Eisíodh ceathracha a cúig Deimhniú orthu siúd a rinne na cúrsaí maidir le Córais Loingseoireachta Leictreonaí agus Rialú Loingseoireachta. Eisíodh tríocha a seacht Deimhniú DTTAS/FETAC maidir le hInniúlacht Bád Paisinéirí chuig iascairí a bhí ag féachaint le haistriú go turasóireacht mhuirí nó go dobharshaothrú agus chuig oibreoirí reatha árthaí dobharshaothraithe ina n-iompraítear pearsanra feirmeacha éisc.

Chuir 36 fear agus bean óg oiliúint i gcrích agus bronnadh Deimhnithe Bunleibhéal agus Leibhéal 5 FETAC orthu in Iascaireacht Tráchtála agus Dobharshaothrú ina leith. Lena chois sin fuair 147 pearsanra iascaigh agus dobharshaothraithe a ndeimhnithe ComReg maidir le Cumarsáid Raidió i dtaca leis an gCóras Domhanda Guaise agus Sábháilteacht Mhuirí (GMDSS).



Seirbhís Uathúil Oiliúna agus Breisoiliúna a Sholáthar don Tionscal

Oiliúint (ar lean)

Achoimre ar an oiliúint a seachadadh in 2012

	Líon na Mac Léinn
Deimhnithe na Roinne Iompair	
Deimhniú Iomlán na Roinne Iompair um Oifigeach Deice (Árthach Iascaireachta) Scipéir	16
Deimhniú Iomlán na Roinne Iompair um Oifigeach Deice (Árthach Iascaireachta) an Dara Duine den Chriú	30
Deimhniú Teoranta na Roinne Iompair um Oifigeach Deice (Árthach Iascaireachta) an Dara Duine den Chriú	6
Deimhniú na Roinne Iompair / FETAC um Oifigeach Innealtóireachta (Árthach Iascaireachta) Aicme 3	10
Deimhniú na Roinne Iompair / FETAC um Oifigeach Innealtóireachta (Árthach Iascaireachta) Aicme 2	6
Deimhniú na Roinne Iompair / FETAC um Mairnéalach Boird Tráchtála	11
Deimhniú na Roinne Iompair / FETAC um Inniúlacht Bád Paisinéirí	37
Cúrsa ar Rialú Loingseoireachta (Iascaireacht)	18
Córais Loingseoireachta Leictreonáí (Iascaireacht)	27
Fo-Iomlán	161
Sábháilteacht ar Muir	
Bunoiliúint Éigeantach 3 lá maidir le Sábháilteacht Bhunúsach	509
Teicníochtaí Marthanais Phearsanta	6
Garchabhair Bhunúsach	8
Dóiteáin a Chosc & Feasacht ar Shábháilteacht	0
Comhrac Dóiteáin Mhuirí	61
Ardoiliúint um Chomhrac Dóiteáin Mhuirí	27
Garchabhair Leighis ar Bord Loinge	60
Láimhsiú agus Oibriú Géag Chraenach agus Géag Theilgthe	11
Sláinte & Sábháilteacht Cheirde	0
Fo-Iomlán	682
Cumarsáid Raidió	
Deimhniú Gearr-raoin GMDSS 1	35
Deimhniú Gearr-raoin GMDSS 2	5
Deimhniú Gearr-raoin GMDSS 1 & 2	68
Deimhniú Oibreora Shrianta GMDSS	6
Deimhniú Fadraoin GMDSS	17
Deimhniú Oibreora Ghinearálta GMDSS	16
Fo-Iomlán	147
Deimhnithe agus Oiliúint Scileanna FETAC/HETAC	
Bunchúrsa FETAC in Iascach, Leibhéal 3	16
Bunchúrsa FETAC in Iascach agus Dobharshaothrú, Leibhéal 5	0
Láimhsiú Báid Oibre - FETAC	3
Loingseoireacht & Cobhsaíocht - FETAC	0
Fás Feamainne - FETAC	6
Próisis Innealtóireachta Muirí - FETAC	79
Bainistíocht Sláinteas Bia Mara - FETAC	6
AGPRC bunaithe ar Riosca do Ghnólachtaí Bia Mara - FETAC	45
Cothabháil agus Deisiú Trealamh Iascaireachta - FETAC	0
Deimhniú i Sláinte & Sábháilteacht Cheirde - HETAC	0
Fo-Iomlán	155
Soláthar Iomlán Oiliúna	1,145
Ceardlanna & Seimineáir	
Ceardlanna maidir le Gléasanna Snámhachta Pearsanta, Sábháilteacht Bia Mara agus Dobharshaothrú	100

Rialachas Corparáideach

Cruinnithe Boird

Tionóladh Cruinnithe Boird le linn 2012 i suíomhanna thart ar chósta na hÉireann, inar éascaíodh dlúth-idirghníomhaíocht idir an bord agus an pobal cósta bia mara, a ndéanann BIM a dhícheall tacaíocht a thabhairt ina leith ina ngíomhaíochtaí oibriúcháin agus forbartha go léir.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2011

Shínigh an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais le haghaidh 2011 an 28 Meitheamh 2012 agus shínigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad an 30 Meitheamh 2012. Tá Tuarascálacha Bliantúla ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ó 2012 i leith i gcóip bhog amháin chun costais ar phriontáil a choigilt.

Córais Faisnéise agus Straitéis

Lean BIM lena thimpeallacht TF a fheabhsú agus a uasghrádú le linn 2012, mar thacú le coigiltis, éifeachtúlacht agus slándála trí uathobriú. I ngeall ar thacaíocht shuntasach ónár máthair-roinn, (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) bhí sé ar chumas BIM seirbhís TF chobhsaí agus iontaoifa a sheachadadh ar fud na heagraíochta in 2012. Rinneadh iniúchtaí mionsonraithe ar an bhfeidhm TF in 2011, mar chuid den phróiseas leanúnach maidir le Rialachas Corparáideach.

Oiliúint do Bhaill Foirne

In 2012 chuir BIM 114 seimineár, ceardlanna agus cúrsaí oiliúna maidir le poist ar fáil don fhoireann. Tá staidéar á dhéanamh ag ball foirne amháin i gcomhair PHD agus tá cúrsa céime á dhéanamh ag cúig bhall foirne. Chuir ceithre bhall foirne cúrsa Dioplóma i gcrích in 2012, agus chuir ocht mball foirne eile cúrsaí ar fhreastail siad orthu i gcrích. D'fhreastail 81 ball foirne eile ar chúrsa breisoiliúna in 2012. Is fostóir comhdheiseanna é BIM. Tá sé tiomanta do chomhionannas deiseanna a chur ar fáil dá phearsana agus díreann ar an gcuspóir sin i gclár forbartha foirne. Síneann an tiomantas do chomhionannas do ról BIM in oiliúint pearsana san earnáil bia mara sa chás go bhfuil rochtain chothrom ar oiliúint dearbhaithe.

Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

Tá BIM tiomanta do fhorálacha an Achta um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chur i bhfeidhm. Tá beartas agus ráiteas sábháilteachta scríofa i bhfeidhm mar aon le Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin a bhaineann le gníomhaíochtaí go sonrach ina léirítear na bearta cuí is gá chun sábháilteacht agus sláinte cheirde gach fostaí agus gach cuairteoir ar áitreabh BIM a chosaint. Déantar bainistíocht agus nósanna imeachta um

shábháilteacht agus um shláinte a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

Forbhreathnú ar Fhuinneamh

In 2012 d'ídigh BIM 2,745 MWh fuinneamh

- 1,865 MWh leictreachais
- 672 MWh breoslaí iontaiseacha
- 205 MWh gáis nádúrtha

N.B. Ceannaítear an leictreachas ó sholáthraithe a úsáideann breoslaí in-athnuaite den chuid is mó le haghaidh cuid dá gcumhachta.

As iomlán an fhuinnimh leictirigh a ídiú, úsáideadh 80% de i dtáirgeadh agus stóráil oighear cadóige, cosúil leis an méid a ídiódh in 2011. Úsáideadh an 20% eile in áitribh (oifigí agus coláistí oiliúna). Úsáideadh 87% den bhreosla aontaiseach le haghaidh áitribh a théamh (oifigí agus coláistí oiliúna), agus úsáideadh an chuid eile chun dhá ártach iascaireachta/taighde arna n-oibriú ag BIM a oibriú, agus chun leictreachas a ghiniúint in dhá aonaid oiliúna taistil. Ní féidir ídiú i gcomhair iompair ar bhóithre a mheas agus níor cuireadh san áireamh é.

Bearta a rinneadh in 2012

Rinneadh an córas téimh lárnaigh i bhfoirgneamh na príomhoifige a thiontú ó choirí olabhreoslaithe go gás nádúrtha in Aibreán 2012. Seachadfar laghdú bliantúlaithe 30% in úsáid fuinnimh agus laghdú de thart ar 60 tona in astaíochtaí CO₂ leis na coirí níos éifeachtaí.

Bearta atá beartaithe le haghaidh 2013

Tá BIM ag déanamh athbhreithnithe faoi láthair ar an líonra gléasraí oighir agus thar an gcéad cúpla bliain eile cuirfidh sé pleán i bhfeidhm chun innealra nua-aimseartha agus níos tíosaí ar fhuinneamh a chur in ionad an tseantrealaimh.

Rochtain Chomhtháite ar Sheirbhísí

Tá sé mar aidhm ag BIM a chinntiú go mbeidh na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don phobal i gcoitinne inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas más praiticiúil agus más cuí arna leagan amach san Acht um Míchumas 2005. Tá BIM tiomanta chomh maith don Chód Cleachtais maidir le inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar fáil a chur i bhfeidhm.

Cloíonn BIM lenár n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus in 2012, déileáladh le fiosrú amháin.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

An Bord Iascaigh Mhara

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012 faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíocht atá leagtha amach iontu, cuimsítear an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le hIomlán na gGnóthachan agus na Caillteanas Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí lena mbaineann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm arna hordú faoi Alt 9 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Iascaigh Mhara 1952, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir iontu maidir le staid cúrsaí gnó an Bhoird agus a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh de réir na gcúinsí speisialta a bhaineann le bainistíocht agus feidhmiú Comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireachta (RA agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus na neamhchosaintí sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chialais nó trí earráid. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, an cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh nó nár nochtadh go himleor iad
- a réasúnaí is a bhí na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na Ráiteas Airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam.

Lena chois sin, léim Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird chun neamhréireachtaí ábhartha ar bith leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagann ar mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha ar bith atá follasach inti breathnaím ar na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Cur i láthair foriomlán na Ráiteas Airgeadais

Is í mo thuairim go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar is cuí de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, maidir le staid cúrsaí gnó an Bhoird an 31 Nollaig 2012 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2012.


Is í mo thuairimse gur choinnigh an Bord leabhair chuí chuntais. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Cúrsaí ar a dtugaim tuairisc mar eisceacht

Tugaim tuairisc mar eisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a bhí de dhíth orm le haghaidh m'iniúchta, nó
- má thug mé cas ábhartha ar bith faoi deara i m'iniúchadh sa chás nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche dá raibh sé beartaithe nó sa chás nár raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léirítear sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Bord ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh an gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ar a dtugaim tuairisc mar eisceacht.



Patricia Sheehan

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2013

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird


Faoi alt 9(1) den chéad sceideal a ghabhann leis an Acht lascaigh Mhara, 1952, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a fhaomhadh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoiliú ón Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh An Bord lascaigh Mhara i mbun gnó.
- imeachtaí ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird lascaigh Mhara agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an ceanglais reachtúla. Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní an Bhoird lascaigh Mhara a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois nó mírialtachtaí ar bith eile a chosc agus a aimsiú.



Kieran Calnan
Cathaoirleach



Sean O'Donoghue
Comhalta Boird

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais


Admhaíonn Comhaltaí an Bhoird go bhfuil siad freagrach as córas um rialú inmheánach airgeadais agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht. Tá córas um rialú inmheánach airgeadais deartha chun rioscaí gnó a bhainistiú seachas iad a dhíothú agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha. Is iad seo a leanas na príomh-nósanna imeachta atá bunaithe ag Comhaltaí an Bhoird chun córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chur ar fáil:

- Fócas soiléir ar chuspóirí an ghnó mar a chinn an Bord i bhfianaise na bhfreagrachtaí reachtúla.
- Struchtúr eagrúcháin sainithe ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údaráis agus deighilt dualgas atá ceaptha chun timpeallacht rialaithe chuí a sholáthar.
- Próiseas bainistíochta riosca ina mbreathnaítear ar na pleananna straitéise gnó i gcomhthéacs an phróisis bhuiséid bhliantúil nuair a dhéanann an Bord pleananna agus spriocanna airgeadais a athbhreithniú agus a leagan amach i bhfianaise na gcuspoirí a cinneadh.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe ina gcuimsítear athbhreithniú ag an mBord ar an mbuiséad bliantúil agus athbhreithniú rialta ar thorthaí iarbhair i gcoinne an bhuiséid.
- Nósanna imeachta um rialú - coinníonn an Bord lámhleabhair chuimsitheacha ar nósanna imeachta maidir lena phríomhghníomaíochtaí go léir. Go sonrach tá teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir iontu maidir le caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil.
- Córais mhonatóireachta - déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na nósanna imeachta rialaithe tríd an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmítear de réir an chreata chun an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm arna leagan amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. Is trí anailís ar an riosca dá bhfuil BIM nochta a fhaightear an bonn eolais i leith obair an iniúchta inmheánaigh. Fuair an Coiste Iniúcháireachta an tuarascáil maidir leis an iniúchadh inmheánach le haghaidh 2011, inar cuimsíodh tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leorgacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, agus tugadh é sin don Bhord. Déantar na córais iniúchta inmheánaigh agus mhonatóireachta a chomhlánú le hobair iniúcháireachta a dhéanann iniúcháirí seachtracha ar bhonn bliantúil ar na bearta éagsúla um chúnamh deontais mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht AE rialaithe maidir leis na Bearta. D'fhaomh an Bord plean um iniúchadh inmheánach trí bliana le haghaidh 2009-2012 i mí na Nollag 2009 agus d'fhaomh an Bord síneadh trí bliana i mí Iúil 2012.
- In 2009 d'aontaigh an Bord téarmaí tagartha an Fhochoiste Iniúcháireachta, arna bhunú ag an mBord in 2009 ina gcuimsítear Comhlachtaí Boird Neamhfheidhmiúcháin amháin agus atá faoi chathaoirleacht Comhlachta Boird nach bhfuil ina Chathaoirleach ar an bPríomhbhord. Úsáidtear tuarascálacha chuig an gCoiste Iniúcháireachta ón an lucht bainistíochta, na hiniúcháirí seachtracha a dhéanann an obair iniúchta inmheánaigh i BIM mar a mhínítear thuas agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina Litir Bhainistíochta nó tuarascálacha eile mar bhonn eolais maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an rialú inmheánaigh airgeadais. Ina theannta sin, choimisiúnaigh an Bord, faoi mar a iarradh air, athbhreithniú neamhspleách rialta ar chórais um rialú inmheánach airgeadais san eagraíocht.

Admhaímid go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012.



Kieran Calnan
Cathaoirleach



Sean O'Donoghue
Comhalta Boird

Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

AN tACHT IASCAIGH MHARA, 1952, ARNA LEASÚ

Bunaíodh an Bord Iascaigh Mhara faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952. Is é an Ghníomhaireacht Stáit ag a bhfuil príomhfhreagrachtaí as forbairt inbhuanaithe thionscal bia mara na hÉireann ar muir agus ar an gcladach araon agus as éagsúlú an gheilleagair chósta.

FORMÁID NA gCUNTAS

Is iad seo a leanas an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha a ghlac an Bord:

a) Bunús na gCuntas

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin mar atá sonraithe thuas, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a bheidh siad infheidhme.

b) Cistí Státchiste

Tugtar cuntas ar na deontais reatha agus chaipitil lena n-áirítear scéim Dobharshaothraithe an Phlean Forbartha Náisiúnta ar bhonn airgid thirim. Tugtar cuntas ar na deontais a fuarthas faoi Vóta 30 maidir leis an Scéim Cruatan Bradán (faoi Fotheideal F.2) ar bhonn fabhraithe.

c) Cistí Eorpacha

Déanann an AE costais a chúiteamh i riaráistí. Aithnítear cúnamh den sórt sin ar bhonn infhála.

d) Ioncam Iarchurtha

Cuimsíonn an t-ioncam iarchurtha cistiú Eorpach agus cistiú ón Scéim Cruatan Bradán a iarchuireadh ar feitheamh caiteachais ar sheachadadh seirbhísí.

e) Scéimeanna Deontas

Tugtar cuntas ar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna éagsúla deontas a fheidhmíonn an Bord ar bhonn airgid thirim. Taispeántar ceangaltais a eascraíonn de bhun faofa faoi na Scéimeanna éagsúla Deontais a fheidhmíonn an Bord i Nóta 14.

f) Drochfhiacha

Déantar foráil i leith iasachtaí agus fiach a bhfuiltear in amhras faoina n-íocaíocht agus i gcoinne caillteanas ar bith atá tuartha de bhun ráthaíochtaí. Déantar drochfhiacha a dhíscríobh an bhliain ina ndéantar an comhaontú iasachta ábhartha a fhoirceannadh.

g) Stoic

Sonraítear stoic ag an gcostas nó an luach inréadaithe, cibé acu is ísle.

h) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Déantar dímheas a ríomh de réir méid chothrom. Is iad seo a leanas na rátaí a úsáidtear sna príomhchatagóirí sócmhainne:

Talamh agus Áitribh

Talamh	Naid
Áitribh:	
- Stáisiúin Loingseoireachta - Bunaidh	2%
- Stáisiúin Loingseoireachta - Breiseanna	10%
- Áitribh Eile	10%

Gléasraí agus Innealra

- Trealamh Oiliúna maoinithe ag an CSE	16.6%
- Gléasraí & Innealra Eile	10%
- Trealamh Teicniúil	20%

Mótarfheithiclí

20%

Gléasanna agus Trealamh

- Trealamh lascaireachta	50%
- Árthaí	10%
- Trealamh Oifige	20%
- Trealamh Ríomhaireachta	33.3%

i) Cúlchistí Caipitil

Cuimsítear luach gan amúchadh na ndéontas caipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú sna Cúlchistí Caipitil.

j) Airgeadraí Iasachta

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí iasachta a aistriú de réir na rátaí malairte a bhíonn i réim ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Déantar ioncaim agus costais a aistriú de réir na rátaí malairte a bhíonn i réim ar dhátaí na n-idirbheart bunúsach.

Déileáiltear le brabúis agus caillteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadra iasachta agus as socraíocht na méideanna infhála agus iníoctha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

k) Pinsin

Tá scéimeanna pinsean le sochar sainithe i bhfeidhm ag an mBord Iascaigh Mhara, a mhaoinítear ar bhonn bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Turasóireachta, Bia agus Mara agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn BIM. Aithnítear suim arbh ionann í agus an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus fritháirítear í le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas maidir le hlomlán na nGnóthachan agus Caillteanas Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Turasóireachta, Bia agus Mara.


An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012


	Nótaí	2012 €	2011 €
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	1	18,743,349	18,591,986
Glan mhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean	19 (c)	2,004,538	2,097,821
Glanaistriú ó Chúlchiste Caipitil	2	37,447	763,411
		20,785,334	21,453,218
AE Deontais	3	62,520	185,759
Láimhdeachas na nGléasraí Oighir	4	854,829	692,323
Ioncam Eile	5	1,014,540	682,842
		22,717,223	23,014,142
Caiteachas			
Forbairt Caipiteal Tionscail	6	4,201,669	4,169,110
Forbairt Reatha Tionscail	7 (a)	7,641,145	8,551,972
Riarachán Reatha Tionscail	7 (b)	4,529,277	3,560,790
Dímheas a Gearradh le linn na Bliana	7 (c)	996,682	1,479,761
Costais Phinsin	19 (a)	4,034,410	4,081,321
Caiteachas Eile	8	-	130,000
Caiteachas maidir leis na Gléasraí Oighir	4	789,219	843,563
		22,192,402	22,816,517
Barrachas / (Easnamh) le haghaidh na Bliana		524,821	197,625
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS			
larmhéid amhail 1 Eanáir		695,987	498,362
Barrachas / (Easnamh) le haghaidh na bliana		524,821	197,625
larmhéid amhail 31 Nollaig		1,220,808	695,987

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad le haghaidh na bliana dar crích 31 Nollaig 2012 le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an chláir chomhardaithe.


Tá na Beartais Chuntaíochta agus Nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Kieran Calnan
Cathaoirleach



Sean O'Donoghue
Comhalta Boird




Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

An Ráiteas maidir le hIomlán na gGnóthachan & Cailteanas Aitheanta


	Nótaí	2012	2011
		€	€
(Easnamh) / Barrachas le haghaidh na bliana		524,821	197,625
Gnóthachan / (Cailteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin			
Gnóthachain / (Cailteanas) o Thaithí ar dhliteanais scéime	19 (d)	95,000	(3,100,000)
Athruithe i mboinn tuisceana atá ina mbonn le luach reatha dhliteanais na scéime pinsen		-	-
Coigeartú ar an Maoiniú Pinsean Iarchurtha		(95,000)	3,100,000
Iomlán na gGnóthachan & (Cailteanas) Aitheanta le haghaidh na Bliana		524,821	197,625

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad le haghaidh na bliana dar crích 31 Nollaig 2012 le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an chláir chomhardaithe.

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Kieran Calnan
Cathaoirleach



Sean O'Donoghue
Comhalta Boird




Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

An Clár Comhardaithe


AMHAIL 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Seasta			
Inláimhsithe	9	1,768,364	1,805,811
Airgeadas - Iasachtaí Téarma	10	-	-
		1,768,364	1,805,811
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	11	173,113	213,891
Stoic		9,204	8,348
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		2,737,738	1,661,453
		2,920,055	1,883,692
Lúide Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Muirir Fhabhráithe	12	(1,699,247)	(1,187,705)
Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsean		2,989,172	2,501,798
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	19 (c)	56,100,000	54,000,000
Dlíteanais Phinsin	19 (b)	(56,100,000)	(54,000,000)
Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanais Reatha		2,989,172	2,501,798
Maoinithe le			
Cúlchistí Caipitil	2	1,768,364	1,805,811
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		1,220,808	695,987
		2,989,172	2,501,798

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 21 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Kieran Calnan
Cathaoirleach



Sean O'Donoghue
Comhalta Boird




Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgeadais


LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

Réiteach ar an larmhéid sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha

<i>Nótaí</i>	2012	2012	2011	2011
	€	€	€	€
Barrachas / (Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		524,821		197,625
Ús Bainc		(5,061)		(4,343)
Glanaistriú go Cúlchiste Caipitil		(37,447)		(763,411)
Dímheas a gearradh ar Ioncam & Caiteachas		996,682		1,479,760
Brabús ó dhíolachán Sócmhainní Seasta		(2)		(7,313)
(Méadú) / Laghdú ar Stoic		(855)		6,160
Laghdú / (Méadú) ar Fhéichiúnaithe:				
- Féichiúnaithe Iasachtaí	-		6,666	
- Soláthar in aghaidh Féichiúnaithe	-		-	
- Féichiúnaithe Eile	40,778	40,778	243,556	250,222
Méadú / (Laghdú) ar Chreidiúnaithe		511,542		(178,623)
Glansreabhadh / (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha		2,030,458		980,077



Kieran Calnan
Cathaoirleach



Sean O'Donoghue
Comhalta Boird



Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid


DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012	2012	2011	2011
		€	€	€	€
GLAN-INSREABHADH / (EIS-SREABHADH) AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN/FORBARTHA			2,030,458		980,077
CAITEACHAS CAIPITIL					
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a ghnóthú		(959,235)		(716,349)	
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní		2		7,313	
TORADH AR INFHEISTÍOCHTA AGUS SEIRBHISIÚ AR AIRGEADAS					
Ús a Gearradh ar Iasachtaí Bád		-		(6,666)	
Ús Bainc a Fuarthas		5,061		4,343	
(EIS-SREABHADH) GLAN AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN/FORBARTHA			(954,172)		(711,359)
(EIS-SREABHADH) / IN-SREABHADH GLAN AIRGID ROIMH MHAOINIÚ			1,076,286		268,718
MAOINIÚ					
